Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2019

# Gaeilge

## Páipéar 1:
## Léitheoireacht

*G9574*

## [G9574]
## FRIDAY 31 MAY, AFTERNOON
## AOINE 31 BEALTAINE, TRÁTHNÓNA

**AM**

1 uair 30 bomaite.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí a théann leis an cheistpháipéar seo.

Freagair **gach** ceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Tá **60** marc ar fad ag dul don pháipéar seo.
Léiríonn na figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Gheobhaidh tú iatán sa pháipéar seo, atá le húsáid le **ceist 2(a)**, **agus (b)**.
Ná scríobh d'fhreagraí san iatán seo.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Ceist** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| **Iomlán na marcanna** | |

**Léigh an sliocht seo go cúramach agus freagair na ceisteanna a leanas.**

## 1 Athrú Aeráide/Téamh Domhanda

Aithnítear gurb é an t-athrú aeráide an dúshlán timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta is tromchúisí atá le sárú ag an chine daonna. Na gníomhaíochtaí is mó a chruthaíonn an fhadhb seo ná dífhoraoisiú, sceithphíopaí gluaisteán agus a bheith ag dó breoslaí iontaise. Níl insint scéil ar an oiread ceimiceán, go háirithe dé-ocsáid charbóin, a scaoiltear isteach san atmaisféar, a dhéanann dochar don chiseal ózóin chomh maith le sláinte an duine. Caithfidh comhlachtaí agus monarchana a bheith níos cúramaí faoin dóigh a bhfaightear réidh le bruscar agus le ceimiceáin nimhiúla.

Toisc gur rud domhanda é, beidh tionchar ollmhór agus forleathan ag an athrú aeráide agus rachaidh sé i bhfeidhm ar gach aon ghné den saol. Tá ár bpláinéad ag téamh go gasta. Tá an t-oighearshruth ag leá agus tá leibhéal na bhfarraigí ag dul in airde. Má leanaimid ar aghaidh leis na gáis cheaptha teasa a chruthú leanfaidh an teocht ag ardú. Beidh éifeachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha i gceist chomh maith le méadú ar ghalair thógálacha amhail maláire. Tá athrú na haimsire feicthe againn cheana féin leis an bháisteach, na tuilte, an triomach agus na stoirmeacha ba chúis leis na mílte bás ar fud an domhain. Is scéal imníoch é sin do mhuintir na hÉireann, dóibh siúd go háirithe a chónaíonn ar an chósta.

Is ceist ollmhór é seo atá ag dó na geirbe ag rialtais éagsúla le blianta anuas. Ar a laghad tá daoine níos eolaí ar na hiarmhairtí sa lá atá inniu ann. Déantar iarrachtaí tabhairt faoin fhadhb trí chóras iompair phoiblí a fheabhsú, trí laghdú, athchúrsáil agus athúsáid a dhéanamh. Moltar dúinn fuinneamh a choigilt, astaíochtaí de gháis ceaptha teasa a laghdú trí níos mó fuinnimh in-athnuaite a úsáid amhail gaoth agus solas na gréine.

Gníomhartha an duine is cúis leis an athrú seo agus tá na hiarmhairtí le feiceáil ar fud an domhain. Tá an baol ann go ndéanfar dochar don chomhshaol, do ghnáthóga nádúrtha, do bharra agus don soláthar bia mar gheall ar athrú aeráide. Milleann báisteach aigéadach na foraoisí agus leagtar crainn dá bharr sin. Cruthaíonn sé brú sa bhreis ar éiceachórais. Ar a bharr sin, beidh tionchar mór aige ar shláinte agus ar fholláine an duine. Déanta na fírinne, má ardaítear cánacha ar rudaí a dhéanann dochar don atmaisféar beidh daoine níos cúramaí.

Tá an bhagairt ann go fóill. Dá dtarlódh cogadh núicléach seans go scriosfaí sinn go léir. An dea-scéal ná go bhfuil bearta á ndéanamh ag a lán tíortha chun dul i ngleic leis an athrú aeráide go práinneach. Is féidir leis an ghnáthdhuine an dramhaíl a scagadh sa bhaile agus feidhm a bhaint as an ionad áitiúil athchúrsála. Caithfimid gníomhú le chéile chun go mbeidh domhan sábháilte againn; mar a deir an seanfhocal, “is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine”.

*Foinsí: © European Union, 1995-2020*

**(a)** Ag úsáid an eolais sa tsliocht, aimsigh cúiseanna atá luaite ag an scríbhneoir a chuireann in iúl cé chomh tromchúiseach is atá an t-athrú aeráide.

Is féidir abairtí sa téasc a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________

______________________________

______________________________ [1]

2. ______________________________

______________________________

______________________________ [1]

3. ______________________________

______________________________

______________________________ [1]

4. ______________________________

______________________________

______________________________ [1]

5. ______________________________

______________________________

______________________________ [1]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

**(b)** Leis an eolas sa tsliocht, mínigh dhá dhóigh a síleann tú ar éirigh leis an scríbhneoir na rioscaí don tsláinte a léiriú tríd an stíl teanga.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________________________ [4]

2. ______________________________________________ [4]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

**(c)** Mínigh trí dhóigh a ndéanann an t-údar iarracht tionchar a imirt ar an léitheoir maidir le réiteach na faidhbe seo.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

3. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

**(d)** Bain úsáid as focail agus frásaí ón tsliocht le ceithre dhóigh a mhíniú ar éirigh leis an údar iarmhairtí ón athrú aeráide a chur i láthair an léitheora.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagraí a thabhairt.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

3. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

4. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |
| | |

**2** Úsáid an t-iatán, “Cén sórt fáis ba mhaith leat a fheiceáil ar Bhéal Feirste idir seo agus 2035?”, leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**(a)** Scríobhadh an t-alt seo le míniú a thabhairt ar phlean forbartha Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste. Léirigh tagairtí atá le feiceáil san iatán, focail, frásaí nó abairtí a thugann le fios nach n-aontaíonn an t-údar leis na focail “Plean forbartha”.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagra a thabhairt.

**(i)** ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [4]

Aimsigh tionchar an údair sa téacs a léiríonn na fáthanna ar thit daonra Bhéal Feirste.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagra a thabhairt.

**(ii)** ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [4]

**(b)** Úsáid an t-iatán, “Cén sórt fáis ba mhaith leat a fheiceáil ar Bhéal Feirste idir seo agus 2035?”, leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

Scríobh alt 150 focal a chuireann síos ar an dóigh a mbaineann an t-údar úsáid as teanga le dul i bhfeidhm ort agus tú ag léamh an ailt.

Is féidir abairtí sa téacs a úsáid focal ar fhocal. Is féidir frásaí gairide nó abairtí gairide a úsáid chun freagra a thabhairt.

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

[15]

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

**3 Aistrigh an sliocht seo a leanas go Béarla.**

Is oileán draíochtúil é Toraigh atá suite naoi míle amach ó chósta thiar Dhún na nGall. Is áit ar leith é atá ina luí i lár an Aigéin Atlantaigh. An t-ionad cónaithe is faide siar ó thuaidh san Eoraip seachas an Íoslann. Tá sé trí mhíle ar fad agus níos lú ná míle ar leithead agus tá trí bhaile air, An Baile Thiar, an Baile Láir agus An Baile Thoir.

Níl ach tuairim is céad caoga duine ina gcónaí ann faoi láthair. Tháinig laghdú suntasach ar dhaonra an oileáin le céad bliain anuas mar gheall ar easpa deiseanna fostaíochta agus an imirce a tharla dá bharr sin.

Ba mheasa an scéal sna hochtóidí nuair a bhog leath an phobail chun an Fháil Charraigh de thoradh cruatain agus ghanntanas seirbhísí an oileáin. Thuig an rialtas go raibh contúirt ann go gcaillfí saol traidisiúnta fíorluachmhar an oileáin agus tugadh an tacaíocht chuí do mhuintir an oileáin filleadh.

Taistealaíonn bád farantóireachta go rialta ó ché Mhachaire Rabhartaigh chun an oileáin agus is féidir bád eile a fháil ón Bhun Bheag ach glacann an turas sin nócha nóiméad i gcomparáid le caoga nóiméad ó Mhachaire Rabhartaigh.

Tá bunadh an oileáin buanseasmhach agus neamhspleách mar go mbíonn orthu cur suas leis na geimhrí fíochmhara garbha. Tá a fhios acu áfach, an dóigh chun sult a bhaint as an tsaol trí chultúr láidir an cheoil, an tseanchais agus an damhsa a chleachtann siad.

Ní thig le focal amháin cur síos a dhéanamh ar áilleacht sceirdiúil an oileáin, ar spiorad dochloíte a mhuintire nó ar a n-oidhreacht shaibhir chultúrtha.

*Foinsí: Athchóirithe ó ailt as www.bbc.co.uk 27/05/2009*

| Examiner Only | |
|---|---|
| Marks | Remark |

[10]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2019

# Gaeilge

Páipéar 1:
Léitheoireacht

**[G9574]**
**FRIDAY 31 MAY, AFTERNOON**
**AOINE 31 BEALTAINE, TRÁTHNÓNA**

# IATÁN

**Le húsáid le ceist 2.**
**Ná scríobh do fhreagraí ar an iatán.**

## Iatán

**Cén sórt fáis ba mhaith leat a fheiceáil ar Bhéal Feirste?**











*© Getty Images*

**Déardaoin, 2 Feabhra 2017**

Plean forbartha a thug Comhairle Cathrach Bhéal Feirste ar scéim a foilsíodh Déardaoin. Tá aidhmeanna uaillmhianacha ann gan dabht ach i bhfírinne is próiseas comhairliúcháin eile é seachas plean. “Cén sórt fáis ba mhaith leat a fheiceáil ar an chathair idir seo agus 2035?” an cheist atá an Chomhairle a chur ar shaoránaigh agus ar ghrúpaí mar chéad chéim sa Phlean Forbartha Áitiúil a bheidh mar threoir ar infheistíocht agus ar úsáid agus ar chosaint talaimh sa chathair.

Thit daonra Bhéal Feirste go tubaisteach de bharr na dTrioblóidí. D’fhág suas le 100 000 duine an chathair. Fearacht go leor cathracha, Baile Átha Cliath san áireamh, d’aistrigh daoine amach as lár na cathrach chuig tithe úra a tógadh i mbruachbhailte nó bhailigh cuid acu leo as Tuaisceart Éireann ar fad. Ba mhaith le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste daoine a mhealladh chun cur fúthu sa chathair le saol sláintiúil uirbeach a chothú – meascán de theaghlaigh agus de ghnólachtaí.

Tar éis am dúnta siopaí agus oifigí, bíonn an chathair tréigthe cé is moite de dhaoine ag teacht isteach chuig bialanna nó le haghaidh spraoi. Tá sé i bhfad níos fearr ná mar a bhíodh le linn na dTrioblóidí nuair a bhíodh an chathair bánaithe ar fad istoíche. Mar sin féin, is annamh a d’fheicfeá teaghlaigh agus páistí leo sa chathair tar éis am gnó. Tá dornán beag sráideanna a bhfuil cónaí ar dhaoine iontu ach is daoine aosta iad den chuid is mó; tógadh cúpla bloc árasán le blianta beaga anuas ach is daoine óga gan chlann is mó atá iontu.

Is é mian na Comhairle Cathrach an daonra a mhéadú ón 340 000 atá anois ann go 400 000 – an leibhéal a bhí ann roimh na Trioblóidí. “Is í an bhliain 2035 an spriocam. Chun an plean a chur i gcrích, chaithfí 37 000 teach nó áras a thógáil agus 46 000 post nua a chruthú. Rithfear sraith cruinnithe eolais idir seo agus tús an Mhárta chun moltaí a bhailiú agus ceisteanna a fhreagairt. Cuspóir fiúntach é plean a ullmhú agus a fhoilsiú a leagfaidh síos téarmaí tagartha le haghaidh gach cineál forbartha sa chathair sna blianta seo romhainn. Dá réir, choinneofaí smacht ar thograí forbartha, ar thógáil tithe agus ar áiseanna fóillíochta. Treoir le haghaidh cinntí i leith cead pleanála a bheidh ann, a deir an Chomhairle Cathrach. Ach an mbeidh smacht ag an Chomhairle Cathrach ar phleanáil sa chathair?

*Foinse: "Cén sórt fáis ba mhaith leat a fheiceáil i mBéal Feirste idir seo agus 2035*
*By Póilín Ní Chiaráin, 2 Feabhra 2017 © Tuairisc.ie*

Permission to reproduce all copyright material has been applied for.
In some cases, efforts to contact copyright holders may have been unsuccessful and CCEA
will be happy to rectify any omissions of acknowledgement in future if notified.

11693.02/3